# An tSraith Shóisearach
# Amharc-ealaín

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment



## Measúnú Rangbhunaithe 1

Scoláire 02

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Snáithe: **Ceardaíocht**

Téama: **Taiscí faoi cheilt**

## Torthaí Foghlama:

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:**

**2.3** machnamh a dhéanamh ar a obair cheardaíochta féin nó ar obair cheardaíochta daoine eile le teanga chriticiúil agus amhairc

**2.4** a thaispeáint gur féidir leis a líníochtaí a úsáid le breathnú, le taifeadadh agus le hanailísiú

**2.6** iniúchadh a dhéanamh ar a chur chuige pearsanta féin i leith obair cheardaíochta trí chur i bhfeidhm teicniúil agus cruthaitheach de líníocht agus déanamh mairc

**2.7** na scileanna agus na hábhair stairiúla nó chomhaimseartha a úsáidtear i saothair cheardaíochta ó roinnt ceardaíocht dhifriúil a shainaithint

**1.12** a thuiscint ar na gnéithe ealaíne agus ar na prionsabail deartha a chur i bhfeidhm chun saothar ealaíne a dhéanamh

**2.14** meáin a úsáid chun obair cheardaíochta a chruthú

## Tasc

I ndiaidh ransú smaointe bunaithe ar a théama roghnaithe, forbróidh an scoláire prionta líonóile agus cuirfidh sé i gcrích é ó fhoinse phríomha a roghnóidh sé.

## Am


7 seachtaine


## Cúlra:

D'fhoghlaim an scoláire na scileanna, na hábhair agus na próisis a bhaineann le sraith priontaí líonóile dubha agus bána a dhearadh, a dhéanamh agus a phriontáil ar chúlraí éagsúla. Tríd an líníocht, shainaithin an scoláire líne, ton, cruth agus patrún ina fhoinse phríomha agus d'aistrigh sé iad go dtí a phriontaí.

Léirigh an scoláire a thuiscint agus léirthuiscint don cheird, tríd an bprionta ab fhearr leis nó ab fhearr ar éirigh leis a shainaithint agus, le nótaí, na cúiseanna leis sin a mhíniú.


Scrúdaigh an scoláire samplaí de dhéanamh priontaí stairiúil agus comhaimseartha a bhain lena phróisis agus obair féin.


Hidden Treasures
Kitchen
kettle
teapot
cutlery
containers
Pots & Pans
Hammer
Nails
Toolbox
Shed
Printer
Prints
Ink
Pen
Pencil
Paper
Sand
Beach
Stones
Catapult
Elastic band
Photos
Frames
Coasters
Electricity
Energy
Dance
Lightbulb
glass
window
car
wheel
bus
School
Pencil
Books
Library
card
old
Queen
Prince
Fairytale
white
snow
winter
Spring
garden
tree
nest
egg
feathers
Pool
Army
Submarine
Detective
Picture
Frame
Bed
Home
television
News
Sweets
grandparents
Shops




Tá líníocht an scoláire soiléir, agus comhréir mhaith ann, agus d'úsáid sé líníocht mhionsonraithe an hanla agus an chlaibín chun an t-eolas is mó is féidir a thabhairt dó, rud a chabhraigh leis agus é ag dearadh an phlean. Fuair an scoláire an t-eolas maidir le cineál agus treoir na línte a bhí ag teastáil chun foirm thríthoiseach an taephota a chur trasna. Ina dhiaidh sin, bhí an scoláire in ann breathnú ar na píosaí sin arís chun fáil amach cén chaoi a bhféadfadh sé feabhas a chur ar na codanna níos leimhe den líníocht.






Tá an anailís atá déanta aige ar phrionta Kathe Kollwitz an-mhionsonraithe agus léiríonn sé an tuiscint atá aige ar theicníc an ealaíontóra sin. Moltar dó machnamh a dhéanamh ar thaighde a dhéanamh ar phriontaí Seapánacha an chéad uair eile. Baineann sé úsáid láidir as claonspás ina phíosaí agus, mar chéad chéim eile, d’fhéadfadh sé go mbeadh sé suimiúil úsáid a bhaint as níos mó ná dath amháin. Mar sin féin, is léir gur bhreathnaigh sé ar obair phriontála níos comhaimseartha chomh maith.







Tá roinnt priontaí suimiúla déanta ag an scoláire trí chineálacha éagsúla páipéir a úsáid agus d'fhéadfadh sé machnamh a dhéanamh ar phriontáil a dhéanamh ar rudaí eile seachas ar pháipéar sa todhchaí.



Is léir gurb é rogha an scoláire féin atá sa saothar a cuireadh i gcrích, ach d’fhéadfaí íomhá níos láidre agus níos slachtmhaire a roghnú ón obair a cuireadh isteach áfach.

Tá teicníc ghearrtha an-mhaith ag an scoláire, ach d'fhéadfadh sé tuilleadh forbartha a dhéanamh ar threoghearradh a úsáid i gcodanna áirithe den bhloc. D'fhéadfadh an scoláire díriú ar ghearradh a dhéanamh sa treo céanna le foirm an ruda ionas nach mbeidh cuma leamh ar an bprionta.




5


5


5



**Nótaí an mhúinteora ag úsáid na gcritéar rathúlachta**

Tugtar an méid atá tugtha faoi deara ag an múinteoir le chéile sna nótaí, ag úsáid na gcritéar rathúlachta, féachaint leis an leibhéal gnóthachtála atá i gceist sa saothar seo a dhéanamh amach. Dheimhnigh grúpa um Dhearbhú Cáilíochta, ina raibh múinteoirí atá istigh sa rang agus ionadaithe as CNCM, an Chigireacht, Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus seirbhís tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí na nótaí agus na breithiúnais.

**Nótaí an mhúinteora:**

Tá líníocht an scoláire soiléir, agus comhréir mhaith ann, agus d'úsáid sé líníocht mhionsonraithe an hanla agus an chlaibín chun an t-eolas is mó is féidir a thabhairt dó, rud a chabhraigh leis agus é ag dearadh an phlean. Fuair an scoláire an t-eolas maidir le cineál agus treoir na línte a bhí ag teastáil chun foirm thríthoiseach an taephota a chur trasna. Ina dhiaidh sin, bhí an scoláire in ann breathnú ar na píosaí sin arís chun fáil amach cén chaoi a bhféadfadh sé feabhas a chur ar na codanna níos leimhe den líníocht.

Tá roinnt priontaí suimiúla déanta ag an scoláire trí chineálacha éagsúla páipéir a úsáid agus d'fhéadfadh sé machnamh a dhéanamh ar phriontáil a dhéanamh ar rudaí eile seachas ar pháipéar sa todhchaí.

Tá teicníc ghearrtha an-mhaith ag an scoláire, ach d'fhéadfadh sé tuilleadh forbartha a dhéanamh ar threoghearradh a úsáid i gcodanna áirithe den bhloc. D'fhéadfadh an scoláire díriú ar ghearradh a dhéanamh sa treo céanna le foirm an ruda ionas nach mbeidh cuma leamh ar an bprionta.

Tá an anailís atá déanta aige ar phrionta Kathe Kollwitz an-mhionsonraithe agus léiríonn sé an tuiscint atá aige ar theicníc an ealaíontóra sin. Moltar dó machnamh a dhéanamh ar thaighde a dhéanamh ar phriontaí Seapánacha an chéad uair eile. Baineann sé úsáid láidir as claonspás ina phíosaí agus, mar chéad chéim eile, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé suimiúil úsáid a bhaint as níos mó ná dath amháin. Mar sin féin, is léir gur bhreathnaigh sé ar obair phriontála níos comhaimseartha chomh maith.

Is léir gurb é rogha an scoláire féin atá sa saothar a cuireadh i gcrích, ach d'fhéadfaí íomhá níos láidre agus níos slachtmhaire a roghnú ón obair a cuireadh isteach áfach.

**Tuairisceoir a bronnadh:** Os cionn na n-ionchas